SÁRMHAITHEAS TRÍ
OIDEACHAS AGUS OILIÚINT

Bord Oideachais agus Oiliúna
Laoise agus Uíbh Fhailí

*Laois and Offaly*
*Education and Training Board*

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

www.loetb.ie

loetb

# CLÁR ÁBHAIR


| | |
|---|---|
| Brollach an Chathaoirligh | LTH. 4 |
| Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh | LTH. 5 |
| Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí | LTH. 6 |
| **Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe an BOOLUF** | **6** |
| **Speansais Chomhaltaí an BOOLUF** | **7** |
| **Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchta** | **8** |
| **Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Airgeadais** | **8** |
| Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí | LTH. 9 |
| **Próifíl an BOOLUF** | **9** |
| **Suíomh na Seirbhísí BOOLUF** | **10** |
| **Miondealú Foirne BOOLUF** | **10** |
| **Cairt Eagrúcháin BOOLUF** | **10** |
| **Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna Straitéiseacha BOOLUF** | **11** |
| Tuarascáil ar Ráiteas Straitéise | LTH. 13 |
| Ráitis Airgeadais | LTH. 23 |

# Brollach an Chathaoirligh

Is cúis mhór áthais dom fáilte a chur roimh an Tuarascáil Bhliantúil thar ceann Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí (BOOLUF). Is leathan í obair an BOOLUF mar eagraíocht reachtúil a bhfuil freagracht aige as iar-bhunscoileanna, breisoideachas agus oiliúint, seirbhísí óige, agus riarachán ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí.

Sa tuarascáil seo, léirítear rath na heagraíochta maidir lenár ról aitheanta laistigh den phobal a fhorbairt mar sholáthraí de dheiseanna oideachais agus oiliúna inrochtana agus ar ardchaighdeán, atá bunaithe go háitiúil a chuirtear ar fáil do gach aoisghrúpa. Bíonn riachtanais ár mac léinn ríthábhachtach i gcónaí don tseirbhís a chuireann an BOOLUF ar fáil agus leis an mbéim seo cuirfear ar ár gcumas freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an réigiúin atá i mbun athraithe agus atáimid ag dul ar aghaidh.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, Joe Cunningham, lena fhoireann bainistíochta, agus leis an bhfoireann go léir ag an BOOLUF as a dtiomantas agus a ndíograis leanúnach don sármhaitheas trí oideachas agus oiliúint. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt, le buíochas ó chroí, d'obair mo chomhbhaill ar an mBord a thugann a gcuid ama go díograiseach agus atá tugtha go hiomlán maidir le rialachas an BOOLUF.

*An Comhairleoir John Carroll*
**Cathaoirleach**

# Chief Executive's Introduction

Is cúis mhór áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2018 an BOOLUF a chur i láthair. Ba í 2018 an chéad bhliain de chur i bhfeidhm ár Ráiteas Straitéise 5 bliana (2018-2022) agus is céim thábhachtach é i bhforbairt BOOLUF mar sholáthraí reachtúil oideachais agus oiliúna sa réigiún. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise an treoir don BOOLUF sna blianta amach romhainn agus sainmhínítear ár misean, ár bhfís, agus ár luachanna mar eagraíocht chomh maith leis na spriocanna straitéiseacha ar mhian linn a bhaint amach. Leis an tuarascáil seo, tugtar deis dúinn chun machnamh a dhéanamh ar na gníomhartha a cuireadh i gcrích de réir na spriocanna seo thar thrí phríomhréimse oibre, eadhon, Scoileanna (Seirbhísí Óige san áireamh), Breisoideachas agus Oiliúint, agus Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta.

Ina theannta sin, leagtar amach sa tuarascáil seo achoimre ar an staid airgeadais agus faisnéis acmhainní daonna an BOOLUF le linn na tréimhse seo. Le linn na bliana 2018, leanadh le béim na heagraíochta de réir agus a dhéanaimid ár ndícheall deiseanna den scoth maidir le hoideachas agus oiliúint ar feadh an tsaoil a sholáthar do na pobail uile ar fud Laoise agus Uíbh Fhailí. Tá an méadú ar líon na mac léinn atá ag freastal ar ár Scoileanna agus ar ár nIonaid Bhreisoideachais agus Oiliúna mar fhianaise ar rath leanúnach dár gcuid oibre.

Ar an iomlán is mian liom mo bhuíochas agus m'ómós a chur in iúl do:

- An Cathaoirleach agus comhaltaí an Bhoird as a gcomhoibriú gníomhach maidir le gnó an BOOLUF a chur chun cinn ar go leor bealaí le linn 2018;
- Na comhaltaí ar Bhoird Bhainistíochta agus coistí an BOOLUF a thugann a gcuid ama go flaithiúil chun obair an Bhoird a chur chun cinn;
- Bainistíocht agus foireann ár scoileanna, ár n-ionad, ár seirbhísí agus ár n-oifigí riaracháin as a dtiomantas leanúnach, a ndíograis agus a ndílseacht.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na baill foirne atá imithe ar scor, a bhí ag obair ar feadh tamaill fhada agus guím sláinte agus sonas orthu don todhchaí. Tá an BOOLUF go mór faoi chomaoin acu as a seirbhís ghairmiúil agus thiomanta a thugann siad don eagraíocht.

*Joe Cunningham*
**Príomhfheidhmeannach**

# Bord Bhord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí

## BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

| Ainm | Comhlacht Ainmniúcháin |
|---|---|
| An Comhairleoir John Carroll | Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é |
| An Comhairleoir Eamon Dooley | Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é |
| An Comhairleoir Caroline Dwane-Stanley | Thogh Comhairle Contae Laoise í |
| An Comhairleoir Catherine Fitzgerald | Thogh Comhairle Contae Laoise í |
| An Comhairleoir Eddie Fitzpatrick | Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é |
| An Comhairleoir John King | Thogh Comhairle Contae Laoise é |
| An Comhairleoir Jerry Lodge, RIP | Thogh Comhairle Contae Laoise é |
| An Comhairleoir Sean Maher | Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é |
| An Comhairleoir Paschal McEvoy | Thogh Comhairle Contae Laoise é |
| An Comhairleoir Liam Quinn | Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é |
| An Comhairleoir Mary Sweeney | Thogh Comhairle Contae Laoise í |
| An Comhairleoir Tony McCormack | Thogh Comhairle Contae Uíbh Fhailí é |
| An Comhairleoir Padraig Fleming | Thogh Comhairle Contae Laoise é |
| An tUasal Vivienne Keenan | Ionadaí Foirne |
| An tUasal William Flanagan | Ionadaí Foirne |
| An tUasal Mary Cotter-Bracken | Ionadaí na dTuismitheoirí |
| An tUasal Derek Scully | Ionadaí na dTuismitheoirí |
| An tUasal Molly Buckley | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |
| An tUasal Anne Starling | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |
| An tUasal Frank Smith | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |
| An tUasal Maura Brophy | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |
| An tUasal Joe Thompson | Comhlachtaí arna sonrú ag an Aire |

| DÁTAÍ CRUINNITHE BOIRD AN BOOLUF 2018 |
|---|
| 29 Eanáir 2018 |
| 26 Feabhra 2018 |
| 27 Márta 2018 |
| 28 Bealtaine 2018 |
| 12 Iúil 2018 |
| 24 Meán Fómhair 2018 |
| 5 Samhain 2018 |
| 11 Nollaig 2018 |

# Speansais Chomhaltaí an Bhoird 2018

| COMHALTA AN BHOIRD | CRUINNITHE REACHTÚLA (€) | BOIRD AGALLAIMH (€) | FREASTAL AR CHOMH-DHÁLACHA / SEIMINEÁIR (€) | EILE (€) | IOMLÁN (€) | CRUINNITHE BOIRD AR FREASTA-LAÍODH ORTHU IN 2018 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| John Carroll | 389.36 | 688.92 | 163.72 | 0.00 | 1,242.00 | 8 |
| Eamon Dooley | 252.62 | 0.00 | 0.00 | 68.65 | 321.27 | 6 |
| Caroline Dwane-Stanley | 312.50 | 651.64 | 345.86 | 0.00 | 1,310.00 | 8 |
| Catherine Fitzgerald | 244.73 | 618.40 | 227.28 | 0.00 | 1,090.41 | 7 |
| Eddie Fitzpatrick | 262.03 | 297.66 | 0.00 | 42.10 | 601.79 | 7 |
| John King | 525.95 | 58.23 | 0.00 | 31.35 | 615.53 | 8 |
| Jerry Lodge, RIP | 29.56 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 29.56 | 1 |
| Sean Maher | 166.62 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 166.62 | 4 |
| Paschal McEvoy | 309.05 | 0.00 | 178.52 | 0.00 | 487.57 | 7 |
| Liam Quinn | 248.15 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 248.15 | 3 |
| Mary Sweeney | 329.25 | 0.00 | 217.03 | 0.00 | 546.28 | 6 |
| Tony McCormack | 118.24 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 118.24 | 2 |
| Padraig Fleming | 72.95 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 72.95 | 3 |
| Vivienne Keenan | 204.89 | 0.00 | 321.67 | 0.00 | 526.56 | 7 |
| William Flanagan | 218.58 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 218.58 | 7 |
| Mary Cotter-Bracken | 271.42 | 43.89 | 0.00 | 0.00 | 315.31 | 7 |
| Derek Scully | 227.52 | 0.00 | 89.58 | 0.00 | 317.10 | 6 |
| Molly Buckley | 194.37 | 30.46 | 329.27 | 43.57 | 597.67 | 6 |
| Anne Starling | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 2 |
| Frank Smith | 336.83 | 115.56 | 0.00 | 17.02 | 469.41 | 7 |
| Maura Brophy | 108.96 | 0.00 | 0.00 | 0.00 | 108.96 | 4 |
| Joe Thompson | 65.39 | 89.47 | 0.00 | 0.00 | 154.86 | 3 |

# Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Iniúchta

| BALLRAÍOCHT AN CHOISTE INIÚCHTA 2018 | |
|---|---|
| Oliver McCormack | Ball Seachtrach |
| Martin Byrne | Ball Seachtrach |
| Anne O'Keeffe | Ball Seachtrach |
| Mary Cotter-Bracken | Ball BOOLUF |
| Padraig Fleming | Ball BOOLUF |
| Frank Smith | Ball BOOLUF |

| CRUINNITHE CHOISTE INIÚCHTA AN BOOLUF 2018 |
|---|
| 12 Márta 2018 |
| 2 Iúil 2018 |
| 3 Meán Fómhair 2018 |
| 1 Deireadh Fómhair 2018 |
| 3 Nollaig 2018 |

# Ballraíocht agus Dátaí Cruinnithe an Choiste Airgeadais

| BALLRAÍOCHT AN CHOISTE AIRGEADAIS 2018 | |
|---|---|
| Peter Scully | Ball Seachtrach |
| Eamon Dooley | Ball BOOLUF |
| Paschal McEvoy | Ball BOOLUF |
| Molly Buckley | Ball BOOLUF |
| Caroline Dwane-Stanley | Ball BOOLUF |


| CRUINNITHE CHOISTE AIRGEADAIS AN BOOLUF 2018 |
|---|
| 20 Márta 2018 |
| 25 Meitheamh 2018 |
| 21 Meán Fómhair 2018 |
| 27 Samhain 2018 |

# Próifíl an BOOLUF

Cuireann an BOOLUF seirbhísí oideachais agus oiliúna ar fáil do dhaonra de 162,658 duine ar fud an dá chontae. Tá ceannoifig na heagraíochta lonnaithe i bPort Laoise. Tugtar achoimre thíos ar na príomhfhíricí agus na príomhfhigiúirí maidir leis an BOOLUF in 2018.

| SEIRBHÍSÍ | LÍON NA SUÍOMHANNA | LÍON NA RANNPHÁIRTITHE |
| --- | --- | --- |
| Mic léinn iar-bhunscoile | 9 | 3,666 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 26 | 11,809 |

# Léarscáil na Seirbhísí BOOLUF



# Suíomh na Seirbhísí BOOLUF

| SCOILEANNA |
|---|
| Ard Scoil Chiaráin Naofa, Clóirtheach |
| Coláiste Bheannchair |
| Coláiste Naomh Cormac, Cill Chormaic |
| Coláiste Pobail Oaklands, Éadan Doire |
| Coláiste Thulach Mhór |
| Coláiste Chluain na Slí |
| Coláiste Dhún Masc, Port Laoise |
| Coláiste Phort Laoise |
| Coláiste Naomh Fearghal, Ráth Domhnaigh |

| CLÁIR ÓGTHEAGMHÁLA |
|---|
| Ógtheagmháil Bheannchair |
| Ógtheagmháil Clar Clóirtheach |
| Ógtheagmháil Éadan Doire |
| Ógtheagmháil Mhóinteach Mílic |
| Ógtheagmháil Port Laoise |

## An Fhoireann Ardbhainistíochta

| | |
|---|---|
| Joe Cunningham | Príomhfheidhmeannach |
| Marie Bracken | Stiúrthóir Tacaíochta agus Forbairt Eagraíochta |
| Tony Dalton | Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna |
| Paul Fields | Stiúrthóir na Scoileanna |

| OIFIGÍ RIARACHÁIN |
|---|
| Príomhoifig BOOLUF, Port Laoise |
| Oifig Riaracháin BOOLUF, An Tulach Mhór |

| BREISOIDEACHAS AGUS OILIÚINT |
|---|
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Clóirtheach |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Éadan Doire |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bheannchair |
| Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Bhiorra |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Bhiorra |
| Ionad Breisoideachais agus Oiliúna Thulach Mhór |
| Ionad Náisiúnta Oiliúna Foirgníochta, Mount Lucas |
| Ionad Oideachais Phríosún Phort Laoise |
| Ionad Oideachais Phríosún Lár na Tíre |

## Miondealú  Foirne 2018

| CATAGÓIR | IOMLÁN |
|---|---|
| Múinteoirí Iar-Bhunscoile | 450 |
| Múinteoirí/Oidí/Teagascóirí Breisoideachais agus Oiliúna | 320 |
| Foireann Riarachán | 98 |
| Comhordaitheoirí/Bainisteoirí Ionaid | 15 |
| Oibrithe Acmhainne | 7 |
| Foireann Chothabhála | 29 |
| Foireann Tacaíochta (CRSanna san áireamh) | 31 |
| IOMLÁN | 950 |

# Fís, Misean, Luachanna agus Spriocanna Straitéiseacha

In 2018, d'fhorbair an BOOLUF 'Ráiteas Straitéise 2018-2022' mar a éilítear faoi Alt 27 den Acht um BOO 2013. Leagtar amach sa Ráiteas Straitéise seo treo ár n-eagraíochta sna cúig bliana atá amach romhainn chun cur ar ár gcumas leanúint ar aghaidh le hoideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar do phobail Laoise agus Uíbh Fhailí. I Ráiteas Straitéise an BOOLUF, leagtar amach cuspóirí ardleibhéil don eagraíocht faoi cheithre Sprioc Straitéiseacha. Tá sraith tosaíochtaí straitéiseacha ag gach sprioc a bhainfear amach trí shraith de ghníomhaíochtaí tacaíochta. Dearadh na spriocanna agus na tosaíochtaí seo chun cuidiú leis an BOOLUF leas a bhaint as na deiseanna agus na dúshláin a thiocfaidh chun cinn sna cúig bliana atá amach romhainn.


## ÁR MISEAN

*Is é an misean atá againn ná sármhaitheas a bhaint amach trí oideachas agus oiliúint.*

## ÁR BHFÍS

*Is í an fhís atá againn ná oideachas agus oiliúint ar ardchaighdeán a sholáthar go gníomhach i Laois agus in Uíbh Fhailí*

## ÁR LUACHANNA




## ÁR SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA 2018-2022

### SPRIOC 1

*Oiliúint agus Oideachas den Scoth*

Teagasc, foghlaim agus measúnú den scoth a sholáthar do chách, chomh maith le hardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe a chinntiú i measc na mac léinn.

### SPRIOC 2

*Eispéireas den scoth do Mhic Léinn*

Eispéiris agus timpeallachtaí foghlama dearfacha ina bhfuil acmhainní agus áitribh oiriúnacha a sholáthar do mhic léinn.

### SPRIOC 3

*Bunathrú na hEagraíochta*

Cultúr nuálaíochta agus feabhsaithe a chur chun cinn laistigh den eagraíocht.

### SPRIOC 4

*Forbairt Foirne*

Lucht saothair ardcháilithe agus spreagtha a earcú agus a choinneáil, agus tacaíocht agus deiseanna foirne a sholáthar maidir le forbairt ghairmiúil, phearsanta agus ghairmréime leanúnach.

# Tuarascáil ar Ráiteas Straitéise 2018

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 1: OILIÚINT AGUS OIDEACHAS DEN SCOTH

### *1.1 Teagasc, foghlaim agus measúnú den scoth do chách:*

- Ionad Teagaisc agus Foghlama bunaithe, dírithe ar chaighdeán den scoth a chinntiú i ngach gné maidir le Teagasc agus Foghlaim.
- D'fhreastail múinteoirí an BOOLUF ar chnuaschruinnithe maidir le prionsabail, sonraíochtaí, agus folláine SSM.
- Méadú ar sholáthar Chúrsa Oiliúna BO ag teacht le Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí BOOLUF/SOLAS.
- Soláthar Printíseachta Leictrí Nua comhaontaithe le SOLAS i Maighean Rátha agus sa Tulach Mhór.
- Faomhadh forbairt na Printíseachta Scafalra nua.

### *1.2 Soláthar a bhfuil a cháilíocht dearbhaithe agus lena mbaineann ardleibhéil ghnóthachtála agus chreidiúnaithe i measc mac léinn*

- Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí BOOLUF/SOLAS sínithe.
- Clár/Seirbhís 'Spriocanna' Clár Breisoideachais agus Oiliúna aontaithe idir SMT Breisoideachais agus Oiliúna agus ag Bainistíocht Ionad / Seirbhíse.
- An uirlis measúnaithe um fhoghlaimeoir tosaigh tugtha isteach i ngach Ionad agus Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna.
- D'oibríomar i gcomhpháirtíocht le baill foirne SSM chun oiliúint AFMA/MBSR ar leith a sholáthar do Phríomhoidí agus do phríomhbhaill foirne.
- Maoirseacht curtha ar fáil tríd an gcur i bhfeidhm de Chreat um Chaighdeáin Cháilíochta Náisiúnta RLGÓ, lenar cuireadh ar fáil tacaíocht agus forbairt do thionscadail a fhaigheann maoiniú ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige in earnáil na hoibre don aos óg.

## 1.3 Pleanáil, comhordú agus athbhreithniú bunaithe ar fhianaise

- Próiseas nua um Fhaomhadh Cláir Breisoideachais agus Oiliúna curtha i bhfeidhm ar fud gach soláthar Breisoideachais agus Oiliúna mar chuid de struchtúr athbhreithnithe Rialachais Breisoideachais agus Oiliúna.
- Taighde, anailís agus tíolacadh d'iarratas ar Thionscnamh Infhostaitheachta don Aos Óg a rinneadh chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a dhírigh ar Dhaoine Óga idir 16-24 bliana d'aois nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais ná oiliúint faoi láthair, ionas go mbeidh siad in ann leibhéal muiníne agus gníomhaireachta a bhaint amach chun páirt a ghlacadh i gcláir nó seirbhísí atá ar fáil faoi láthair.
- Bunaíodh Foireann Rannpháirtíochta Fostaithe Breisoideachais agus Oiliúna chun oibriú le fostóirí d'fhonn soláthar ábhartha a chinntiú.
- Rinneadh taighde cuimsitheach trí chur i bhfeidhm Phróifíl Cheantair an BOOLUF, Uirlis Measúnaithe Riachtanas agus Riachtanas Seirbhíse chun measúnú córasach agus cainníochta ar riachtanais a éascú d'fhonn breithiúnais a threorú maidir le tosaíochtaí do sholáthar seirbhíse do Dhaoine Óga idir 10-24 bliain d'aois atá ina gcónaí i Laois agus in Uíbh Fhailí.
- Spreagadh neamhspleáchas scoile áitiúil maidir le cúrsaí gearra na Sraithe Sóisearaí a thabhairt isteach.
- Dáileadh leithdháileadh múinteora do 2018/19, bunaithe ar rollú mac léinn agus riachtanais oideachais.

## 1.4 Cleachtas athmhachnaimh chun tacú le feabhsuithe clár

- Rannpháirtíocht leis an gComhairle Mhúinteoireachta maidir le roghanna cleachtais machnamhacha do mhúinteoirí; tá an BOOLUF chun tabhairt faoi thionscadal píolótach.
- Cultúr féinmheastóireachta scoile curtha chun cinn, rud atá mar chúis le feabhsú scoile:
- Rinneadh taighde cuimsitheach ar Mapáil LGBTI + de Sholáthar Seirbhíse do Dhaoine Óga i Laois agus Uíbh Fhailí chun eolas breise a thabhairt d'fhorbairt an phróisis phróifílithe ceantair a chuirfear i gcrích mar chuid de chur i bhfeidhm na scéime maoinithe atá spriocdhírithe ar an óige.
- Bunaíodh Grúpa Athbhreithnithe Cúram Sláinte Breisoideachais agus Oiliúna chun dea-chleachtas a aithint, a athbhreithniú agus a roinnt.
- Comhdháil Litearthachta Breisoideachais agus Oiliúna 'Dea-Chleachtas á Comhroinnt' a reáchtáladh i mí na Samhna.
- Féinmheastóireacht Feidhmiúcháin QQI / BOOLUF críochnaithe.
- Plean Feabhsúcháin Cáilíochta QQI / BOOLUF curtha i bhfeidhm.

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 2: EISPÉAREAS DEN SCOTH DO MHIC LÉINN

### 2.1 Eispéiris foghlama dhearfacha a sholáthar, chomh maith le timpeallachtaí ina bhfuil acmhainní agus áitribh oiriúnacha

- Bhronn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maoiniú de luach €43,737.64 ar thrí Eagraíocht Dheonach don Óige i Laois agus Uíbh Fhailí faoin Scéim Maoinithe Caipitil 2018, a thacaigh go díreach agus go hindíreach le foghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil.
- Tugadh isteach samhail achrannach soláthair ag Ionaid Breisoideachais agus Oiliúna Tulaigh Mhór, Mainistir Laoise, Cúil an tSúdaire, agus Phort Laoise.
- Foirm iarratais aonair Breisoideachais agus Oiliúna (PLSS) in úsáid i ngach Ionad / Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna.
- Iniúchadh ar Áitribh / Áiseanna / Acmhainní i ngach Ionad Breisoideachais agus Oiliúna curtha i gcrích.
- Iniúchadh Sláinte agus Sábháilteachta déanta i ngach Ionad Breisoideachais agus Oiliúna.
- Deiseanna Oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta curtha ar fáil do gach feighlí agus ionadaithe foirne.
- Reáchtáil BOOLUF Céim 1 den Staidéar Féidearthachta ar Shláinte agus ar Shábháilteacht ar bhonn píolótach le Quadra i gColáiste Thulach Mhór agus i gColáiste Phort Laoise.
- Soláthraíodh oiliúint chomhairleoireachta mac léinn do gach scoil.

### 2.2 Bheith tiomanta d'fhoghlaim le cuidiú teicneolaíochta a chun tacú leis an bhfoghlaim neamhspleách agus leis an bhfoghlaim chomhoibríoch

- Cuireadh Céim 1 den Straitéis Dhigiteach i bhfeidhm i ngach scoil agus cuireadh oiliúint ar fáil don chlár 'Cad is Scoil Dhigiteach ann?'.
- Forbraíodh líonra comhordaitheoirí TFC sna scoileanna go léir ag baint úsáide as na teicneolaíochtaí atá ar fáil.
- Rinneadh suirbhé bunlíne ar scileanna agus inniúlachtaí TFC.
- Comhaontaíodh Plean Gnímh Breisoideachais agus Oiliúna TEL agus gníomhartha straitéiseacha agus críochnaíodh iniúchadh bonnlíne.
- Cuireadh tús le tionscadail phíolótacha maidir le Teagasc agus Foghlaim Breisoideachais agus Oiliúna.
- STEM in Obair don Óige: Tugadh maoiniú do Spás Teicneolaíochta agus cuireadh oiliúint ar Oibrithe Óige chun Mol Spás Teicneolaíochta a fhorbairt i mBiorra, Co. Uíbh Fhailí.
- D'fhorbair grúpaí tacaíochta ar líne i réimsí éagsúla ábhair ag úsáid líon beag ardán ar bhonn tástála (m.sh. Microsoft Sharepoint agus Foirne)
- Comhoibriú a chur chun cinn i measc múinteoirí agus teagascóirí trí TFC a úsáid mar chuid den chúrsa 'Ceannairí Uaillmhianacha' (Aspiring Leaders).
- Cuireadh le chéile ríomhiris (dhá eagrán) chun faisnéis a bhaineann le scoileanna agus tionscadail, tionscnaimh agus fiontair a scaipeadh. Baineadh úsáid as an ríomhiris freisin mar áis chun acmhainní, cleachtas ceannasach, agus eispéiris dhearfacha foghlama na scoláirí a roinnt.

## 2.3 Deiseanna breise a chur ar fáil chun aiseolas a thabhairt do, agus a fháil ó, mhic léinn agus tuismitheoirí

- Thángthas ar chomhaontú go gcuirfear aiseolas measúnachta ar fáil do gach foghlaimeoir breisoideachais agus oiliúna laistigh de thrí seachtaine ón dáta a chríochnófar an measúnú.
- Aontaíodh cleachtas Measúnachta Cúram Sláinte i ngach soláthar Breisoideachais agus Oiliúna.
- Níos mó úsáide a bhaint as teicnící measúnachta múnlaitheacha agus iad a spreagadh, rud a bheidh mar chúis le caidreamh níos cáilíochtúla i scoileanna.
- Tugadh Tacaíocht do Chomhairle na nÓg Laoise agus do Chomhairle na nÓg Uíbh Fhailí chun 'guth' a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga agus deis a thabhairt dóibh a bheith rannpháirteach i bhforbairt seirbhísí agus polasaithe áitiúla.
- SSM: Oiliúint Shonrach curtha ar fáil do phríomhoidí scoile maidir le measúnú múnlaitheach agus suimitheach.
- Teicnící measúnaithe athbhreithnithe na Sraithe Sóisearaí á gcur i bhfeidhm go daingean i scoileanna agus i seomraí ranga faoi láthair.

## 2.4 Comhionannas agus ionchuimsiú sóisialta gníomhach

- Tugadh Tacaíocht do Chomhairle na nÓg Laoise agus do Chomhairle na nÓg Uíbh Fhailí chun deis a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga a bheith rannpháirteach i bhforbairt seirbhísí agus beartas áitiúla.
- Ceapadh Oibrí Acmhainní Breisoideachais agus Oiliúna a bhfuil freagracht aige as rochtain d'fhoghlaimeoirí faoi mhíchumas.
- Forbraíodh samhail soláthair TOÁ chun teacht ar 'na daoine is deacra teacht orthu'.
- Oiliúint curtha ar fáil i modhanna difreála a úsáidtear i scoileanna / seomraí ranga: béim ar theagasc foirne mar mhodh.
- Scaipeadh leithdháileadh RSO ar scoileanna.

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 3: BUNATHRÚ NA HEAGRAÍOCHTA

### *3.1 Aitheantas mar phríomhsholáthraí oideachais, agus cultúr nuálaíochta agus gníomhartha feabhsuithe a chur ina luí ar dhaoine*

- Feidhmeanna riaracháin a athailíniú i gcúig aonad gnó le héifeacht ón 1 Eanáir 2018 chun an straitéis a chur i bhfeidhm agus chun freagairt d'athruithe beartais agus reachtaíochta.
- Oiliúint curtha ar fáil maidir le Rialachas do Bhoird Bhainistíochta.
- Cuireadh ceardlanna ar fáil do bhainistíocht scoile i mí an Mheithimh agus i mí na Samhna 2018 le béim ar bhunluachanna agus ar spiorad sainiúil na scoileanna BOOLUF.
- Cuireadh chun cinn leabú na mbunluachanna chun a chinntiú go bhfuil siad seo i gcroílár dár gcuid oibre go léir laistigh den eagraíocht.
- Cuireadh an struchtúr athbhreithnithe POR i bhfeidhm i ngach scoil.
- Comhaontaíodh agus cuireadh i bhfeidhm ar struchtúr Rialachais Athbhreithnithe Breisoideachais agus Oiliúna.
- Reáchtáladh ceardlanna athbhreithnithe agus ceardlanna Bainistíochta Breisoideachais agus Oiliúna/ Pleanáil Straitéiseach Foirne.

### *3.2 Rialachas eiticiúil a chur chun cinn chun cuntasacht agus luach ar airgead a chinntiú*

- Forbraíodh straitéis inmheánach Breisoideachais agus Oiliúna.
- Foghrúpaí breisoideachais agus oiliúna bunaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach beartas, nós imeachta, soláthar agus cleachtas breisoideachais agus oiliúna.
- Thug Bord an BOOLUF faoi phróiseas féinmheastóireachta i mí na Nollag 2018
- D'fhreastail 33 ball foirne riaracháin ar oiliúint rialachais chun rialachas eiticiúil agus cuntasacht a chur chun cinn ar fud na feidhme riaracháin.
- Athbhreithníodh agus nuashonraíodh roinnt beartas agus nósanna imeachta chun a chinntiú gur chloígh siad le reachtaíocht an RGCS  agus chun freagairt d'athruithe rialachais, reachtaíochta agus beartais.
- Cuireadh oiliúint rialachais ar fáil do gach Bord Bainistíochta Scoile.

## 3.3 Branda an BOOLUF a fheabhsú

- D'fhorbair Grúpa Oibre Teicniúil an Beartas um na Meáin Shóisialta de chuid an BOOLUF chun cabhrú le branda an BOOLUF a fheabhsú.
- Forbraíodh beartas meán sóisialta.
- Rinneadh suirbhé bonnlíne maidir le húsáid reatha ardán na meán sóisialta atá i bhfeidhm i scoileanna agus in ionaid Breisoideachais agus Oiliúna.
- Forbraíodh treoirlínte agus nósanna imeachta cleachtais ceannródaíocha maidir le húsáid ardán na meán sóisialta.
- Cuireadh chun cinn feidhm Aonad na Seirbhíse Óige, forbairtí san Obair Óige agus deiseanna maoinithe ar fud na hearnála oibre óige trí choistí, líonraí, láithreán gréasáin BOOLUF, cainteanna, nuachtlitreacha, rannchuidiú le himeachtaí agus foilseacháin náisiúnta, preas áitiúil, agus trí na meáin shóisialta.
- Úsáid chomhsheasmhach de ghrafaicí chun ardáin meán sóisialta a bhunú.
- Forbraíodh íomhánna brandáilte le húsáid ar dhoiciméid inmheánacha ar nós formáidí tuairiscithe agus cúlraí cur i láthair.
- Thug BOOLUF urraíocht d'Ionad Sármhaitheasa CLG Laoise chun feasacht a mhúscailt faoin eagraíocht agus faoina cláir agus faoina seirbhísí.
- Thug BOOLUF urraíocht do Shiúlóid Pobail ag  CLG Uíbh Fhailí Faithful Fields feasacht a mhúscailt faoin eagraíocht agus faoina cláir agus faoina seirbhísí.

## 3.4 Líonrú straitéiseach agus comhpháirtíochtaí a chur chun cinn le príomhpháirtithe leasmhara

- Cothaíodh naisc le páirtithe leasmhara seachtracha lena n-áirítear SOLAS, Comhlacht Forbartha Áitiúla Uíbh Fhailí, Comhpháirtíocht Laoise, Comhairle Contae Uíbh Fhailí, Comhairle Chontae Laoise, Fóram Scileanna Réigiúnacha agus le fostóirí áitiúla agus réigiúnacha chomh maith le hionadaithe fostóirí náisiúnta.
- Oibríodh le heagraíochtaí seachtracha chun tacú le tionscnaimh áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta agus chun iad a fhorbairt
  Comhpháirtíocht Cruthaitheach Áitiúil don Óige
  Curadh Digiteach Scoile RCGAC
  Aonad Beartais TFC - Ciste Sármhaitheasa Scoileanna
  Léargas - Clár Erasmus +
- Cuireadh BOOLUF chun cinn mar threoraí comhpháirtíochta: ag obair le LNTO ar chlár píolótach maidir le treoirchomhairleoireacht.
- Comhaontuithe feabhsaithe i bhfeidhm le hInstitiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Luain agus le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach.
- Naisc forbartha le Naomh Pádraig, Coláiste Mhuire gan Smál (Campas Dhurlas).
- Seirbhís Óige: líonrú leis na heagraíochtaí seo a leanas: CFPÁ Laoise, SICAP, GCÁ, Comhairle na nÓg, Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána, Comhpháirtíocht Laoise, Comhlacht Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí, Tascfhórsa Drugaí, Clár Erasmus + ag Léargas, Spás Teicneolaíochta, Comhpháirtíocht Chruthaitheach don Óg, agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach.

## TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH 4: FORBAIRT FOIRNE

### 4.1 Lucht saothair ardcháilithe agus spreagtha a earcú agus a choinneáil

- Ionduchtú Foirne do gach ball foirne Breisoideachais agus Oiliúna nua arna soláthar ag an Rannóg QA; reáchtáladh seisiún faisnéise i mí Eanáir agus i mí Mheán Fómhair.
- Ceapadh agus rolladh amach clár ionduchtaithe leath-lae do gach ball foirne nuacheaptha in Ionaid agus i Scoileanna.
- Ghlac an fhoireann teagaisc nuacheaptha páirt i seisiún Ionduchtaithe Foirne.

### 4.2 Forbairt phearsanta, ghairmiúil, agus ghairmréime leanúnach a chinntiú

- Áiseanna oiliúna forbartha in Oifigí Thulach Mhór chun roghanna oiliúna a leathnú
- Oiliúint maidir le hAgallamh Inniúlachta-Bhunaithe curtha ar fáil do phoist cheannairí uaillmhianacha/ POR
- Oiliúint RSO curtha ar fáil do bhainistíocht scoile.
- Forbraíodh clár Ceannaireachta Gníomhaí do cheannairí scoile meánacha agus sinsearacha.
- Deiseanna FGL curtha ar fáil i TEL (Office 365), TEL (NCI), ITC, MA i dTeagasc agus Foghlaim, Bainistiú Athruithe (OÉ Gaillimh).
- Oiliúint maidir le hAgallamh Inniúlachta-Bhunaithe curtha ar fáil don fhoireann riaracháin agus oiliúna go léir.
- D'fhreastail 4 bhall foirne ón Rannóg AD ar Oiliúint um Dhlí Fostaíochta.
- D'fhreastail 93 ball foirne ar sheisiún ar na buntáistí a bhaineann le gníomhaíocht fhisiciúil a chuir an tOllamh Niall Moyna ar fáil i mí an Mhárta.
- Reáchtáladh lá folláine foirne i mí Lúnasa.
- Fuair ball foirne Teastas Máistreachta sa Rialachas Corparáideach.
- Fuair ball foirne Teastas i gCosaint Sonraí.
- Cuireadh oiliúint ar fáil d'fhoireann choimhdeach maidir le Cosaint Leanaí, Sláinte agus Sábháilteacht, RGCS, agus Folláine.
- Cuireadh oiliúint ar fáil do gach ball foirne CRS ar Chosaint Leanaí, RGCS, Office 365, agus Folláine
- Cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill foirne riaracháin scoile agus ionaid ar Chosaint Leanaí, ar RGCS, ar Acmhainní Daonna, ar Airgeadas agus ar Sholáthar
- D'fhreastail Stiúrthóir TFE ar oiliúint ar ról an Athbhreithneora Inmheánaigh SF.

## 4.3 Forbairt acmhainní a chothú le haghaidh ceannaireachta gníomhaí

- MA i dTeagasc agus Foghlaim (ITC): Seachadadh modúl Ceannaireachta Acadúla.
- Cuireadh seisiún pleanála do theagmhais chriticiúla ar fáil do gach scoil BOOLUF i mí na Bealtaine.

## 4.4 Comhoibriú agus comhroinnt eolais a chur chun cinn

- Tá Stiúrthóir TFE ina Chomhalta ar Bhord Chuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí Teo.
- Forbraíodh Meithleacha Teicniúla inmheánacha ar RGCS, Airgeadas / Acmhainní Daonna, agus Seirbhísí Comhroinnte.
- Críochnaíodh Céim 1 dár Lámhleabhar Nósanna Imeachta Oibríochtaí.

# Gluais

| | |
|---|---|
| MBSR | Measúnú Bunaithe ar an Seomra Ranga |
| ITC | Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí |
| An Clr | Comhairleoir |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| RCGAC | Roinn Cumarsáide, Gníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil |
| RLGÓ | Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige |
| FET | Breisoideachas agus Oiliúint |
| SF | Saoráil Faisnéise |
| CLG | Cumann Lúthchleas Gael |
| RGCS | An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí |
| AD | Acmhainní Daonna |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| SSM | Sraith Shóisearach do Mhúinteoirí |
| GCÁ | Grúpa Ceantair Áitiúil |
| CFPÁ | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| BOOLUF | Bord Oideachais agus Oiliúna Laoise agus Uíbh Fhailí |
| LGBTI + | Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach agus Idirghnéasach |
| TOÁ | Tionscnamh Oiliúna Áitiúil |
| MA | Máistreacht sna hEalaíona |
| NCGE | Lárionad Náisiúnta um Threoir san Oideachas |
| NCI | Coláiste Náisiúnta na hÉireann |
| OÉ Gaillimh | Ollscoil na hÉireann,Gaillimh |
| TFE | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| PLSS | Córas Tacaíochta Foghlaimeora Cláir |
| POR | Post Freagrachta |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| RSO | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| SICAP | An Clár um Chuimsiú Sóisialta agus um Ghníomhaíochtú Pobail |
| AFMA | Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus Measúnú Ábhair |
| SMT | An Fhoireann Ardbhainistíochta |
| CRS | Cúntóir Riachtanas Speisialta |
| SOLAS | An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna (Údarás Breisoideachais agus Oiliúna ) |
| FMS | Féinmheastóireacht Scoile |
| STEM | Eolaíocht Teicneolaíocht Innealtóireacht Matamaitic |
| TEL | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| WSE/MLL | Meastóireacht/Bainistíocht ar an Scoil Uile, Ceannaireacht, agus Foghlaim |

# Ráiteas Airgeadais 2018

## *Ráiteas Oibriúcháin don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018*

| FÁLTAIS | BLIAIN DAR CRÍOCH 31/12/2018 |
|---|---|
| Scoileanna & An Phríomhoifig | 31,615,906 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 19,077,956 |
| Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | 0 |
| Seirbhísí Óige | 238,517 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe | 2,755,799 |
| Caipiteal | 2,506,968 |
| | 56,195,146 |

| ÍOCAÍOCHTAÍ | BLIAIN DAR CRÍOCH 31/12/2018 |
|---|---|
| Scoileanna & An Phríomhoifig | 31,124,952 |
| Breisoideachas agus Oiliúint | 18,514,103 |
| Seirbhísí Tacaíochta do Mhic Léinn | 0 |
| Seirbhísí Óige | 303,224 |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe | 2,685,173 |
| Caipiteal | 2,733,973 |
| | 55,361,425 |

| | |
|---|---|
| BARRACHAS / (EASNAMH) AIRGID THIRIM DON BHLIAIN | 833,721 |
| GLUAISEACHT I NGLAN-SÓCMHAINNÍ REATHA EILE | (1,363,153) |
| BARRACHAS / (EASNAMH) IONCAM CARNACH DON BHLIAIN | (529,432) |
| BARRACHAS / (EASNAMH) IONCAIM AR 1 EANÁIR | 555,484 |
| BARRACHAS / (EASNAMH) IONCAIM AR 31 NOLLAIG | 26,052 |

# Ráiteas maidir le Sócmhainní Reatha agus Dliteanais Reatha amhail an 31 Nollaig 2018

| SÓCMHAINNÍ REATHA | BLIAIN DAR CRÍOCH 31/12/2018 |
|---|---|
| Deontais Stáit Athfhillteacha | 903,047 |
| Deontais Stáit Caipitil | 0 |
| Deontais Athfhillteacha Eile | 5,693 |
| Féichiúnaithe Thríú Páirtí | 35,544 |
| Iarmhéid Bainc | 3,671,534 |
| | 4,615,818 |

| DLITEANAIS REATHA | BLIAIN DAR CRÍOCH 31/12/2018 |
|---|---|
| Deontais Stáit Athfhillteacha | 1,475,293 |
| Deontais Stáit Caipitil | 195,716 |
| Ioncam Athfhillteach Eile | 881,841 |
| Dliteanais Phá & Costais | 2,036,916 |
| | 4,589,766 |

| | |
|---|---|
| GLAN-SÓCMHAINNÍ/(DLITEANAIS) REATHA | 26,052 |
| IONADAITHE AG BARRACHAS/(EASNAMH) IONCAIM | 26,052 |

# Anailís ar Bharrachas/(Easnamh) Ioncaim

| CLÁR | BARRACHAS (EASNAMH) 31/12/2018 |
|---|---|
| Scoil & An Phríomhoifig | 23,179 |
| Ionad Oideachais Allamuigh Féinmhaoinithe | (9,666) |
| Gnóthaí Óige | (48,051) |
| Gníomhaireachtaí & Tionscadail Féinmhaoinithe | 60,590 |
| | 26,052 |


dynamite designs for print and web www.dezynamite.com

# *Notaí*

# Notaí

**TUARASCÁIL BHLIANTÚIL** 2018

loetb

Ireland's EU Structural and Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
Investing in your future
European Social Fund

Cláir Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta AE na hÉireann 2014-2020
Comhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach

Aontas Eorpach
Ag infheistiú i do dhán
Ciste Sóisialta na hEorpa

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

www.loetb.ie